Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
2022

Staidéar Mótarfheithiclí agus Úsáideoirí Bóithre

Aonad 1: Teoiric Mótarfheithiclí agus Úsáideoirí Bóithre

[GMR11]

GMR11

DÉARDAOIN 12 BEALTAINE, MAIDIN

AM

1 uair 45 nóiméad.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Ní mór duit na ceisteanna a fhreagairt sna spásanna chuige sin.
Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach ná ar leathanaigh bhána.
Comhlánaigh le dúch dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí.**
Freagair **gach** ceist.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 160 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeisteanna **42**, **43** agus **44**.

12929.05

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

12929.05

32GMR1102

Freagair **gach** ceist

1 Autostrada an t-ainm a thugtar ar mhótarbhealach sa(n)_____ . [1]

2 Maidir le dearadh cairr, is sampla í infheictheacht mhaith de shábháilteacht

_____ . [1]

3 Cad é an t-ainm a thugtar ar an bheart moillithe tráchta atá ar taispeáint i **bhFíor 3.1** thíos?

_____ [1]



Fíor 3.1

4 Mura dtaispeántar luasteorainn dhifriúil, léireoidh soilse sráide a bheith ann de

ghnáth go bhfuil luasteorainn _____ msu in áit. [1]

5 Tugtar _____ _____ ar an áit a dtéann bóthar trasna iarnróid. [1]

[Tiontaigh an leathanach

6 Is trí chineál de _____ iad peileacánach, túcánach agus puifíneach. [1]

7 Is focal é _____ a úsáidtear le cur síos a dhéanamh ar thaisteal i ngiar neodrach nó leis an chrág brúite síos. [1]

8 Maidir le Córas na Slánródaíochta, cén cineál bóthair ar a bhfaighfeá an comhartha i **bhFíor 8.1** thíos?

_____ [1]



Fíor 8.1

9 Cá háit a mbeadh an comhartha i **bhFíor 9.1** thíos ar taispeáint?

_____ [1]

Fíor 9.1

10 Tugtar _____ _____ ar ghaoth láidir a shéideann i gcoinne úsáideoirí bóithre, ag moilliú a ngluaiseacht chun tosaigh. [1]

11 Ainmnigh an t-aon leacht feithicle a scrúdaítear sa tástáil *MOT*.

_____ [1]

12 Taispeántar sonraí clárúcháin feithicle ar fhoirm _____ . [1]

13 In 1913, thug _____ _____ an chéad líne cóimeála carranna isteach. [1]

14 An focal a úsáidtear don méid ag a laghdaíonn luach feithicle ná

_____ . [1]

15 Ar aistear de 100 míle, cá mhéad galún peitril a úsáideann carr a bhfuil ídiú breosla de 40 msg (*mpg*) aige?

_____ [1]

[Tiontaigh an leathanach

16 Is é a thugtar ar an ghnás éigeandála atá ar taispeáint i **bhFíor 16.1** thíos ná

_____ . [1]



Fíor 16.1

17 Stóráiltear ola sa(n) _____ ag bun an innill. [1]

18 In inneall, is iad na trí chineál de _____ a bhfuil gá ann iad a athrú ná ola, aer agus breosla. [1]

19 Taispeánann **Fíor 19.1** thíos léaráid de _____ _____ . [1]



Fíor 19.1

20 Is é "*PAS*" an giorrúchán don téarma a chiallaíonn _____ cumhachtchúnta. [1]

[Tiontaigh an leathanach

Rialú Feithiclí agus Iompraíocht Úsáideoirí Bóithre

21 Cá háit a bhfaighfeá an comhartha i **bhFíor 21.1** thíos?

_____ [1]

Fíor 21.1

22 Cad é mar a thiocfadh le tiománaí dathdhall solas tráchta dearg a aithint?

_____ [1]

23 Luaigh **aon** dainséar **amháin** do thiománaí atá ag scoitheadh feithicil eile.

_____ [1]

24 **(a)** Taispeánann **Fíor 24.1** agus **Fíor 24.2** thíos dhá ghrianghraf de charr atá páirceáilte ar chnoc. Déan staidéar ar an dá phictiúr agus luaigh cé acu atá an carr ag díriú in aghaidh an chnoic nó síos le fána.

Fíor 24.1 _____ [1]

Fíor 24.2 _____ [1]

Fíor 24.1

Fíor 24.2

(b) Le "páirceáil chomhthreomhar" a dhéanamh tá sraith d'ionramhálacha riachtanach. Luaigh **dhá** cheann de na hionramhálacha seo.

1. _____ [1]

2. _____ [1]

25 **(a)** Cad é an dath péinte a úsáidtear d'acomhal bosca?

_____ [1]

(b) Cá huair ar cheart do thiománaí dul isteach in acomhal bosca?

_____ [1]

(c) Seachas acomhal bosca a úsáid ag bealach isteach nó bealach amach, cad iad na focail is féidir a phéinteáil ar dhromchla an bhóthair?

_____ [1]

[Tiontaigh an leathanach

26 **(a)** Cad is ciall leis an fhrása “trácht a mhealladh chun tosaigh”?

_____ [1]

(b) Taispeánann **Fíor 26.1–Fíor 26.3** trí íomhá de chomharthaíocht póilín. Luaigh an treo as a bhfuil an trácht atá á mhealladh aige ag teacht.

Fíor 26.1

Fíor 26.2

Fíor 26.3

Fíor 26.1 _____ [1]

Fíor 26.2 _____ [1]

Fíor 26.3 _____ [1]

27 **(a)** Ainmnigh **dhá** ghrúpa de choisithe leochaileacha.

1. _____ [1]

2. _____ [1]

(b) I ndiaidh aois 70, cá mhinice a chaithfidh ceadúnas tiománaí a athnuachan?

_____ [1]

(c) Luaigh **dhá** fháth a gcaithfidh tiománaithe 70 bliain d'aois agus níos sine athiarratas a dhéanamh ar a gceadúnas tiomána níos minice ná tiománaithe níos óige.

1. _____ [1]

2. _____ [1]

28 **(a)** Déan staidéar ar **Fhíor 28.1** thíos agus sainaithin **dhá** ghuais.

1. _____ [1]

2. _____ [1]

Fíor 28.1

[Tiontaigh an leathanach

(b) Déan staidéar ar **Fhíor 28.2** thíos agus luaigh **trí** ghuais do thiománaithe atá ag tiomáint in aimsir fhliuch.

1. _____ [1]

2. _____ [1]

3. _____ [1]

Fíor 28.2

(c) Cén fáth ar cheart an riail dhá shoicind a mhéadú in aimsir fhliuch?

_____ [1]

(d) Luaigh **dhá** chúis leis an hidreaplánáil?

1. _____ [1]

2. _____ [1]

29

Fíor 29.1

Sainaithin **cúig** dhainséar a chiallaíonn go bhfuil an bóthar i **bhFíor 29.1** thuas dúshlánach do thiománaithe.

1. _____ [1]

2. _____ [1]

3. _____ [1]

4. _____ [1]

5. _____ [1]

[Tiontaigh an leathanach

30 Tabhair míniú ar gach ceann de na comharthaí bóthair atá ar taispeáint i **bhFíor 30.1–Fíor 30.6** thíos.

Fíor 30.1

Fíor 30.2

Fíor 30.3

Fíor 30.4

Fíor 30.5

Fíor 30.6

Fíor 30.1 _____ [1]

Fíor 30.2 _____ [1]

Fíor 30.3 _____ [1]

Fíor 30.4 _____ [1]

Fíor 30.5 _____ [1]

Fíor 30.6 _____ [1]

31 **(a)** Scríobh síos **dhá** dhóigh ar féidir le halcól/drugaí dul i bhfeidhm ar thiománaithe.

1. _____ [1]

2. _____ [1]

(b) Seachas pionós dlíthiúil, liostaigh **dhá** chostas airgeadais ag tiománaí i ndiaidh ciontú as tiomáint faoi thionchar an óil.

1. _____ [1]

2. _____ [1]

(c) Luaigh an teorainn dhlíthiúil don alcól sna cásanna a leanas:

1. Fuil – _____ milleagram i ngach 100ml [1]

2. Fual – _____ milleagram i ngach 100ml [1]

Riachtanais Dhlíthiúla

32 Luaigh ciall na n-inisealacha seo a leanas:

VED _____ [1]

SORN _____ [1]

33 Liostaigh **cúig** phíosa faisnéise atá le fáil ar dhoiciméad cláraithe feithicle.

1. _____ [1]
2. _____ [1]
3. _____ [1]
4. _____ [1]
5. _____ [1]

34 **(a)** Cén riail a bhaineann le suíochán linbh aghaidh ar chúl a dhaingniú ar shuíochán tosaigh an phaisinéara i bhfeithicil?

_____ [1]

(b) Cé atá freagrach de réir an dlí, as páiste faoi bhun 14 bliana bheith srianta mar is ceart agus é ag taisteal i bhfeithicil?

_____ [1]

(c) Má tá paisinéir 16 bliana d'aois ag taisteal i bhfeithicil gan crios sábhála air, cé atá freagrach de réir an dlí?

_____ [1]

(d) Cad é mar is féidir díolúine ó chrios sábhála a fháil?

_____ [1]

(e) Luaigh **aon** sampla **amháin** de cá huair/cad chuige a bhféadfadh tiománaí díolúine a fháil.

_____ [1]

(f) Cén riail a bhíonn i gceist má tá páiste faoi bhun trí bliana d'aois ag taisteal i dtacsaí?

_____ [1]

(g) Luaigh **aon** iarmhairt **amháin** do thiománaí a fhaightear gan crios sábhála air.

_____ [1]

[Tiontaigh an leathanach

Iompar ar Bóthar agus a Éifeacht ar an tSochaí

35 **(a)** Taispeánann **Fíor 35.1–Fíor 35.3** thíos trí chineál éagsúla de bhóthar. Ainmnigh gach cineál.

Fíor 35.1

Fíor 35.2

Fíor 35.3

Fíor 35.1 _____ [1]

Fíor 35.2 _____ [1]

Fíor 35.3 _____ [1]

(b) Liostaigh **ceithre** réimse a chlúdaítear le linn measúnú timpeallachta, nuair a bhíonn bóthar nua á dhearadh.

1. _____ [1]

2. _____ [1]

3. _____ [1]

4. _____ [1]

Matamaitic na Gluaisteánaíochta

36 **(a)** Luaigh **aon** bhuntáiste **amháin** agus **aon** mhíbhuntáiste **amháin** as carr a cheannach go príobháideach seachas ó dhíoltóir carranna.

Buntáiste _____ [1]

Míbhuntáiste _____ [1]

(b) Luaigh **dhá** dhóigh ar féidir le tiománaí féachaint chuige costais sheasta a laghdú le húinéireacht feithicle a dhéanamh níos saoire.

1. _____ [1]

2. _____ [1]

(c) Mínigh **dhá** dhóigh ar féidir le do stíl tiomána costais reatha a laghdú.

1. _____ [1]

2. _____ [1]

(d) Is minic a fhógraítear feithiclí ar athlámh atá ar díol le "*FSH*".

Tabhair míniú ar na hinisealacha.

_____ [1]

37 **(a)** Cosnaíonn carr £17,100. Ríomh na haisíocaíochtaí míosúla thar trí bliana.

(Taispeáin do chuid oibre uilig.)

Freagra _____ [1]

[Tiontaigh an leathanach

(b) Socraíonn an ceannaitheoir ar éarlais 30% a íoc leis an charr a cheannach, leis na haisíocaíochtaí ina dhiaidh sin roinnte thar 2½ bliain. Ríomh na haisíocaíochtaí míosúla.

(Taispeáin do chuid oibre uilig.)

Freagra _____ [2]

(c) Coinníonn an t-umar breosla de charr 60 lítear de bhreosla. Má tá meán de 35 míle sa ghalún ag an charr, agus más ionann 4.55 lítear de bhreosla agus galún amháin, cad é an fad slí, i mílte, is féidir leis an charr taisteal le humar lán de bhreosla (ceart go dtí an míle is cóngaraí)?

(Taispeáin do chuid oibre uilig.)

Freagra _____ [2]

(d) Seachas ceannach, luaigh **dhá** mhodh eile le carr a shealbhú.

1. _____ [1]

2. _____ [1]

Nósanna Imeachta maidir le hImbhuailtí

38 **(a)** Luaigh **trí** dhóigh a bhféadfá láthair thimpiste a dhéanamh sábháilte.

1. _____ [1]

2. _____ [1]

3. _____ [1]

(b) Ainmnigh **dhá** oibleagáid dhlíthiúla má bhíonn baint agat le timpiste ghortaithe.

1. _____ [1]

2. _____ [1]

(c) Cad é an tríú tosaíocht ag láthair thimpiste?

_____ [1]

(d) Mínigh go hachomair an dóigh a ndéanfá cneá ghearrtha a chóireáil.

_____ [1]

[Tiontaigh an leathanach

Teicneolaíocht Mótarfheithiclí

39 Sainaithin na struchtúir marcáilte **(i)** i **bhFíor 39.1** thíos, a thaispeánann bosca ciúnadóra sceithphíopa.



Fíor 39.1

(a) _____ [1]

(b) Mínigh an fheidhm atá leis na struchtúir seo.

_____ [1]

(c) Ainmnigh an chomhpháirt a cheanglaíonn an córas sceite leis an inneall.

_____ [1]

(d) Ainmnigh an **dá** sheiceáil is féidir le tiománaí a dhéanamh ar chóras sceite feithicle.

1. _____ [1]

2. _____ [1]

40 **(a)** Cén córas feithicle atá ar taispeáint i **bhFíor 40.1** thíos?

_____ [1]



Fíor 40.1

(b) Ainmnigh na codanna **1–8** i **bhFíor 40.1** thuas.

1. _____ [1]

2. _____ [1]

3. _____ [1]

4. _____ [1]

5. _____ [1]

6. _____ [1]

7. _____ [1]

8. _____ [1]

[Tiontaigh an leathanach

(c) Seachas bealú, luaigh **aon** fháth **amháin** eile don ghá d'ola bheith in inneall feithicle.

_____ [1]

(d) Aimsigh frása i **nGrúpa B** le gach abairt i **nGrúpa A** thíos a chomhlánú.

Ciorclaigh do fhreagra.

Grúpa A

1. Ceanglaíonn an seolán ardteannais an **a b c d e** [1]
2. Ceanglaíonn an t-osán uachtarach an **a b c d e** [1]
3. Ceanglaíonn an seolán diúltach an **a b c d e** [1]
4. Ceanglaíonn an t-alt uilíoch an **a b c d e** [1]
5. Ceanglaíonn imthaca an mhórfhoircinn an **a b c d e** [1]

Grúpa B

a cadhnra le cabhail an chairr.

b seafta tiomána leis an difreálach.

c chromfhearsaid leis an tslat cheangail.

d corna leis an dáileoir.

e radaitheoir leis an teirmeastat.

41 **(a)** Ainmnigh an **dá** bhuille de thimthriall na gceithre bhuille nuair atá comhla amháin oscailte.

1. _____ [1]

2. _____ [1]

(b) Luaigh **dhá** fheidhm atá leis an roth lústair.

1. _____ [1]

2. _____ [1]

(c) Ainmnigh **trí** sheiceáil ba cheart do thiománaí a dhéanamh go rialta ar an chóras coscánaithe.

1. _____ [1]

2. _____ [1]

3. _____ [1]

(d) Cad is ciall le CCF (*ABS*)?

_____ [1]

42 Luaigh **trí** shampla de ghníomhaireachtaí éagsúla agus mínigh an dóigh a gcuidíonn gach gníomhaireacht le sábháilteacht bóithre a chur chun cinn.

[6]

43 “Bíonn an tiomáint níos deacra i ndrochaimsir.”

Pléigh na dúshláin a bhaineann le drochaimsir agus na réamhchúraimí ba cheart do thiománaí a ghlacadh.

Dúshláin

Réamhchúraimí

[10]

[Tiontaigh an leathanach

44 I rith an tsamhraidh meallann bailte agus sráidbhailte móréilimh cuairteoirí chucu go minic. Pléigh **cúig** dhainséar a d'fhéadfadh titim amach mar gheall air seo agus na réamhchúraimí is féidir le tiománaithe a ghlacadh le gach dainséar a sheachaint.

[10]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

12929.05

32GMR1129

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

12929.05

32GMR1130

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

12929.05

32GMR1131

FOINSÍ

Fíor 3.1: ...	*The Official Highway Code* 2008
Fíor 8.1: ...	*The Official Highway Code* 2008
Fíor 9.1: ...	*The Official Highway Code* 2008
Fíor 16.1: ...	©Getty Images
Fíor 19.1: ...	Colourpoint Educational – Príomhscrúdaitheoir
Fíor 21.1: ...	Príomhscrúdaitheoir
Fíor 24.1: ...	*The Official Highway Code* 2008
Fíor 24.2: ...	*The Official Highway Code* 2008
Fíor 26.1–26.3: ...	*The Official Highway Code* 2008
Fíor 28.1: ...	Príomhscrúdaitheoir
Fíor 28.2: ...	© Getty Images
Fíor 29.1: ...	© Getty Images
Fíor 30.1–30.6: ...	*The Official Highway Code* 2008
Fíor 35.1: ...	© Getty Images
Fíor 35.2: ...	Príomhscrúdaitheoir
Fíor 35.3: ...	Príomhscrúdaitheoir
Fíor 39.1: ...	Colourpoint Educational – Príomhscrúdaitheoir
Fíor 40.1: ...	Colourpoint Educational – Príomhscrúdaitheoir

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	**Marcanna**
1–5	
6–15	
16–20	
21	
22	
23	
24	
25	
26	
27	
28	
29	
30	
31	
32	
33	
34	
35	
36	
37	
38	
39	
40	
41	
42	
43	
44	
Marc Iomlán	

Uimhir Scrúdaitheora

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

12929.05/3